

CULTÚRLANN
MCADAM Ó FIAICH

# CLÁR NA SAMHNA



**SAMHAIN PROGRAMME 2022**

**MEÁN FÓMHAIR - NOLLAIG 2022**

SEPTEMBER – DECEMBER 2022



# Focal ón Stiúrthóir

## Word from the Director



Ritheann féith na cruthaitheachta go tréan sa phobal agus an séasúr seo beidh ardán i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich ag ealaíontóirí as gach cearn den tír agus níos faide i gcéin, ina measc Manchán Magan lena dhráma 'Arán agus Im' agus Johnny Óg Connolly, boscadóir agus cumadóir den chéad scoth as Indreabhán.
Beidh taispeántas againn le daltaí Choláiste Feirste agus muid ag cuimhneamh go mór i mbliana ar an iarmhúinteoir ealaíne Nóirín Uí Chléirigh a cailleadh i mí an Mhárta.
Tá taispeántas tochtmhar closamhairc le Sinéad O'Neill-Nicholl i nDánlann Dillon agus teistiméireachtaí ann le teaghlaigh na ndaoine a maraíodh sa bhuamáil i dteach tábhairne McGurk in 1971. Tá íomhánna suntasacha, láidre cruthaithe ag Róisín Ní Neachtain ina taispeántas siúd sna Ballaí Bána.
Tá clú ar Naoise Ó Cairealláin mar Mhóglaí Bap sa ghrúpa Kneecap. Beidh a sheó aonair faoi chearrbhachas gan srian, Minimal Human Contact, ar siúl sé oíche mar chuid de Fhéile Idirnáisiúnta Ealaíon Bhéal Feirste, agus beidh an Júcbhosca Filíochta ar ais fosta le dánta i dtrí theanga.
Seolfar leabhar úr i sraith Mhuireann le Malachy Doyle, maisithe ag Andrew Whitson, ag tús na scoilbhliana nua agus is mór an phrbhléid dúinn gur anseo a bheidh Féile Leabhar Breac, foilsitheoirí as Conamara.
San aimsir seo, agus brú ar dhaoine mar gheall ar chúinsí nach bhfuil mórán smachta againn orthu, tá súil againn go mbeidh tógáil croí le baint ag gach duine as Clár na Samhna i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich agus go n-aimseoidh sibh áit theolaí anseo le cairdeas agus cuideachta a dhéanamh i rith an fhómhair.

Creativity runs deep in the community and we are delighted to welcome Manchán Magan with his drama 'Arán agus Im' as well as accomplished box player and composer, Johnny Óg Connolly from Indreabhán for very special performances of original work.
The pupils of Coláiste Feirste will hold an exhibition in October as we fondly remember former art teacher Nóirín Uí Chléirigh who sadly passed away in March. Sinéad O'Neill-Nicholl has created an emotional audio-visual installation in the Dillon Gallery with testimonies from families who lost loved ones in the McGurk Bar bombing in 1971. Róisín Ní Neachtain's strong and stunning images will don the walls of Na Ballaí Bána until the start of October.
Naoise Ó Cairealláin, who performs under the pseudonym Móglaí Bap with Kneecap, has a new one-man show, 'Minimal Human Contact', that takes on an intense journey through the world of compulsive gambling.
The show has a six night run as part of the Belfast International Arts Festival, which also sees the return of the Poetry Jukebox, this time with poems in three languages.
An tSnáthaid Mhór have planned a wonderful launch event for Malachy Doyle's latest Muireann book, illustrated by Andrew Whitson, and we're thrilled that Connemara publisher Leabhar Breac will be holding Féile Leabhar Breac here in the Cultúrlann.
Times aren't easy, and there are issues effecting us that we can't control. We hope that our Samhain programme will lift your mind and heart and that you'll find Cultúrlann McAdam Ó Fiaich to be a warm, welcoming place this autumn.

**Gráinne Ní Ghilín**

# Teachtaireacht ónár bpríomh-mhaoinitheoir

## Message from our principal funder

Mar sheaimpín na n-ealaíon agus an chultúir Ghaeilge, tá Cultúrlann Mc Adam Ó Fiaich ina cuid lárnach den ghréasán níos leithne d'ionaid, d'ionaid ealaíon agus d'eagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón Chomhairle Ealaíon, agus a chuireann raon iomlán eispéiris chruthaitheacha ar fáil ar fud an réigiúin. Anseo, i gcroílár Cheathrú Ghaeltachta Bhéal Feirste, tá comhpháirtíochtaí curtha ar bun ag an mhol bhríomhar chruthaitheach seo le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon sa chóngar, agus chuir sé seo le deiseanna níos fearr le daoine agus pobail a thabhairt le chéile chun taitneamh a bhaint as níos mó ealaíne den scoth.

Chomh maith leis an fháilte fhlaithiúil ar ais roimh an chlár chruthaitheach de sheisiúin cheoil bheo, de thaispeántais agus de ranganna ealaíon, i measc na mbuaicphointí ar féidir linn go léir a bheith ag súil go mór leo sna míonna amach romhainn sa Chultúrlann, beidh féile bhliantúil



Fleadh Feirste, an taispeántas nua le Shiro Masuyama, buaiteoir 'ACES' na Comhairle Ealaíon, agus, mar chuid d'Fhéile Idirnáisiúnta Ealaíon Bhéal Feirste na bliana seo, jukebox filíochta Quotidian agus an léiriúchán Gaeilge is déanaí de chuid Aisling Ghéar, 'Minimal Human Contact', scríofa ag Móglaí Bap.

Mar phríomh-mhaoinitheoir, fríd chistí an Chrannchuir Náisiúnta, tá an Chomhairle Ealaíon bródúil as tacaíocht a thabhairt don Chultúrlann agus iad i gcónaí ag spreagadh agus ag cur siamsaíochta ar fáil fríd na healaíona.

**Róisín McDonough,**
**Príomhfheidhmeannach,**
**Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann**

As a champion of Irish language arts and culture, Cultúrlann Mc Adam Ó Fiaich is a key part of the wider network of venues, arts centres and organisations, supported by the Arts Council, which provide the full range of creative experiences across the region. Here, at the heart of Belfast's Gaeltacht Quarter, this vibrant creative hub has established partnerships with surrounding artists and arts organisations, and this has further enhanced opportunities to bring people and communities together to enjoy even more great art.

In addition to the welcome return of the familiar creative programme of live music sessions, exhibitions and arts classes, amongst the highlights we can all look forward to over the coming months at the Cultúrlann will be the annual Fleadh Feirste festival, the new exhibition by Arts Council 'ACES' winner, Shiro Masuyama and, featuring as part of this year's Belfast International Arts Festival, Quotidian's poetry jukebox and Aisling Ghéar's latest Irish Language production, 'Minimal Human Contact', written by Móglaí Bap.

As principal funder through our National Lottery funds, the Arts Council is proud to support the Cultúrlann as it continues to lift, inspire and entertain through the arts.

**Roisín McDonough,**
**Chief Executive,**
**Arts Council of Northern Ireland**

Meán Fomhair | September

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*03/09/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Seoladh Leabhair: Muireann agus an Longbhriseadh**<br>*03/09/22 \| 1:00pm* | Teaghlaigh & Litríocht<br>Families & Literature | Cultúrlann |
| **Arán & Im le Manchán Magan**<br>*09/09/22 \| 1:00pm - 7:30pm* | Amharclannaíocht \| Theatre | Cultúrlann |
| **Ceol & Béile: Ursula Devlin & Joby Fox**<br>*09/09/22 \| 6:30pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*10/09/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Ióga le Dúnla**<br>*13/09/22 \| 7:00 – 9:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Ranganna Gaeilge**<br>*14/09/22 \| 7:00 – 9:00pm* | Oideachas \| Education | Cultúrlann |
| **Ceiliúradh Caomhnóireachta: Bualadh an Chloig**<br>*15/09/22* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Ranganna Amhránaíochta**<br>*15/09/22 \| 6:00pm* | Oideachas & Ceol<br>Education & Music | Cultúrlann |
| **Fómhar na Leabhar: Féile Litríochta Leabhar Breac**<br>*16/09/22 -17/09/22* | Litríocht \| Literature | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*17/09/22 \| 12 - 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg**<br>*17/09/22 \| 1:00- 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |

## Meán Fomhair | September

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Cumann Óige na bhFál**<br>*19/09/22 \| 6:00 – 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ióga le Dúnla**<br>*20/09/22 \| 7:00- 9:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Airneál na nÓg**<br>*21/09/22* | Óige & Ceol<br>Youth & Music | Cultúrlann |
| **Ranganna Gaeilge**<br>*21/09/22 \| 7:00 - 9:00pm* | Oideachas \| Education | Cultúrlann |
| **Ranganna Amhránaíochta**<br>*22/09/22 \| 6:00pm* | Oideachas & Ceol<br>Education & Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg**<br>*24/09/22 \| 1:00 – 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>*26/09/22 \| 6:00 – 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ióga le Dúnla**<br>*27/09/22 \| 7:00- 9:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Ranganna Gaeilge**<br>*28/09/22 \| 7:00 - 9:00pm* | Oideachas \| Education | Cultúrlann |
| **Airneál na nÓg**<br>*28/09/22* | Óige & Ceol<br>Youth & Music | Cultúrlann |
| **Ranganna Amhránaíochta**<br>*29/09/22 \| 6:00pm* | Oideachas & Ceol<br>Education & Music | Cultúrlann |
| **Ceol na mBan**<br>*30/09/22 \| 12:00- 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |

Deireadh Fómhair | October

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Na Bopóga** *01/10/22 \| 11:00am - 12:00pm* | Teaghlaigh \| Families | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil** *01/10/22 \| 12:00 - 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg** *01/10/22 \| 1:00 - 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál** *03/10/22 \| 6:00 - 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ióga le Dúnla** *04/10/22 \| 7:00 - 9:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Airneál na nÓg** *05/10/22* | Óige & Ceol<br>Youth & Music | Cultúrlann |
| **Ranganna Gaeilge** *05/10/22 \| 7:00 - 9:00pm* | Oideachas \| Education | Cultúrlann |
| **Ranganna Amhránaíochta** *06/10/22 \| 6:00pm* | Oideachas & Ceol<br>Education & Music | Cultúrlann |
| **Na Bopóga** *08/10/22 \| 11:00am - 12:00pm* | Teaghlaigh \| Families | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil** *08/10/22 \| 12:00 - 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **BIAF: 5 Rue des Irlandais** *08/10/22 \| 1:00pm* | Litríocht \| Literature | Cultúrlann |
| **Aisling Óg** *08/10/22 \| 1:00 - 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál** *10/10/22 \| 6:00 - 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |

Deireadh Fómhair | October

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Ióga le Dúnla**<br>*11/10/22 \| 7:00 - 9:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Airneál na nÓg**<br>*12/10/22* | Óige & Ceol<br>Youth & Music | Cultúrlann |
| **Ranganna Gaeilge**<br>*12/10/22 \| 7:00 - 9:00pm* | Oideachas \| Education | Cultúrlann |
| **Ranganna Amhránaíochta**<br>*13/10/22 \| 6:00pm* | Oideachas & Ceol<br>Education & Music | Cultúrlann |
| **Coláiste Feirste**<br>*13/10/22 - 24/11/22* | Na hAMharc-ealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann<br>Dánlann Dillon |
| **Coláiste Feirste**<br>*13/10/22 - 24/11/22* | Na hAMharc-ealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann<br>Ballaí Bána |
| **Na Bopóga**<br>*15/10/22 \| 11:00am - 12:00pm* | Teaghlaigh \| Families | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*15/10/22 \| 12:00 - 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg**<br>*15/10/22 \| 1:00 - 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>*17/10/22 \| 6:00 - 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ióga le Dúnla**<br>*18/10/22 \| 7:00 - 9:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Airneál na nÓg**<br>*19/10/22* | Óige & Ceol<br>Youth & Music | Cultúrlann |

Deireadh Fómhair | October

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Ranganna Gaeilge**<br>*19/10/22 \| 7:00 - 9:00pm* | Oideachas \| Education | Cultúrlann |
| **Ranganna Amhránaíochta**<br>*20/10/22 \| 6:00pm* | Oideachas & Ceol<br>Education & Music | Cultúrlann |
| **Na Bopóga**<br>*22/10/22 \| 11:00am - 12:00pm* | Teaghlaigh \| Families | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*22/10/22 \| 12:00 - 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg**<br>*22/10/22 \| 1:00 - 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **An Cosán Draíochta**<br>*23/10/22 \| 8:30pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>*24/10/22 \| 6:00 - 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ióga le Dúnla**<br>*25/10/22 \| 7:00 - 9:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Ranganna Gaeilge**<br>*26/10/22 \| 7:00 - 9:00pm* | Oideachas \| Education | Cultúrlann |
| **Ranganna Amhránaíochta**<br>*27/10/22 \| 6:00pm* | Oideachas & Ceol<br>Education & Music | Cultúrlann |
| **Ceol na mBan**<br>*28/10/22 \| 12:00 - 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*29/10/22 \| 12:00 - 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Siamsaíocht Oíche Shamhna**<br>*29/10/22* | Teaghlaigh \| Families | Cultúrlann |

Samhain | November

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Na Bopóga**<br>*05/11/22 \| 11:00am – 12:00pm* | Teaghlaigh \| Families | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*05/11/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg**<br>*05/11/22 \| 1:00- 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>*07/11/22 \| 6:00 - 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ióga le Dúnla**<br>*08/11/22 \| 7:00 – 9:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Airneál na nÓg**<br>*09/11/22* | Óige & Ceol<br>Youth & Music | Cultúrlann |
| **Ranganna Gaeilge**<br>*09/11/22 \| 7:00 – 9:00pm* | Oideachas \| Education | Cultúrlann |
| **Ranganna Amhránaíochta**<br>*10/11/22 \| 6:00pm* | Oideachas & Ceol<br>Education & Music | Cultúrlann |
| **Na Bopóga**<br>*12/11/22 \| 11:00am – 12:00pm* | Teaghlaigh \| Families | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*12/11/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg**<br>*12/11/22 \| 1:00- 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>*14/11/22 \| 6:00 - 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |

Samhain | November

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Ióga le Dúnla**<br>*15/11/22 \| 7:00 - 9:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Airneál na nÓg**<br>*16/11/22* | Óige & Ceol<br>Youth & Music | Cultúrlann |
| **Ranganna Gaeilge**<br>*16/11/22 \| 7:00 - 9:00pm* | Oideachas \| Education | Cultúrlann |
| **Ranganna Amhránaíochta**<br>*17/11/22 \| 6:00pm* | Oideachas & Ceol<br>Education & Music | Cultúrlann |
| **Na Bopóga**<br>*19/11/22 \| 11:00am - 12:00pm* | Teaghlaigh \| Families | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*19/11/22 \| 12:00 - 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg**<br>*19/11/22 \| 1:00 - 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>*21/11/22 \| 6:00 - 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ióga le Dúnla**<br>*22/11/22 \| 7:00 - 9:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Airneál na nÓg**<br>*23/11/22* | Óige & Ceol<br>Youth & Music | Cultúrlann |

Samhain | November

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Ranganna Gaeilge**<br>*23/11/22 \| 7:00 - 9:00pm* | Oideachas \| Education | Cultúrlann |
| **Ranganna Amhránaíochta**<br>*24/11/22 \| 6:00pm* | Oideachas & Ceol<br>Education & Music | Cultúrlann |
| **Ceol na mBan**<br>*25/11/22* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Na Bopóga**<br>*26/11/22 \| 11:00am – 12:00pm* | Teaghlaigh \| Families | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*26/11/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg**<br>*26/11/22 \| 1:00- 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>*28/11/22 \| 6:00 - 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ióga le Dúnla**<br>*29/11/22 \| 7:00 – 9:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Ranganna Gaeilge**<br>*30/11/22 \| 7:00 – 9:00pm* | Oideachas \| Education | Cultúrlann |

Nollaig | December

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Ranganna Amhránaíochta** *01/12/22 \| 6:00pm* | Oideachas & Ceol Education & Music | Cultúrlann |
| **Shiro Masuyama** *01/12/22 - 26/01/23* | Na hAMharc-ealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann Dánlann Dillon |
| **Lorraine Cleary** *01/12/22 - 26/01/23* | Na hAMharc-ealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann Ballaí Bána |
| **Geamaireacht na Nollag** *30/11/22 - 03/12/22* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil** *03/12/22 \| 12:00 - 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Cothaigh: Léacht & Dinnéar** *03/12/22* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Lasadh Shoilse na Nollag** *04/12/22* | Teaghlaigh \| Families | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil** *10/12/22 \| 12:00 - 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil** *17/12/22 \| 12:00 - 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |




## An Ceathrú Póilí

Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge An Ceathrú Póilí agus muid ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

**Uaireanta oscailte:**

**Luan-Aoine : 9:30am - 5:30pm**
**Satharn : 9:30am - 4:00pm**
**Tá an siopa ar líne -**
**www.anceathrupoili.com**
**– oscailte 24/7**

An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.

**Our opening hours are:**

**Monday - Friday : 9:30am - 5:30pm**
**Saturday : 9:30am - 4:00pm**
**Our online shop -**
**www.anceathrupoili.com**
**– is open 24/7.**





## Bialann sa Chultúrlann

Caifé agus bialann a chuireann eispéireas uathúil ar fáil nach bhfaighidh tú in aon chuid eile d'Éirinn.
Is cinnte go mblaisfidh tú eispéireas iomlán na hÉireann agat ón bhia d'ardchaighdeán, ón teanga, ón chultúr agus ó atmaisféar teolaí ár mbialainne.
Coinnígí tiúnáilte isteach do sheoladh biachlár ár mbainistíochta nua le tairiscintí éagsúla lena n-áirítear rogha an lae agus rósta an Domhnaigh; agus do scéal faoi imeachtaí atá ar bun againn ...

**Bígí linn!!**
**Le tábla a chur in áirithe cuir glaoch orainn ag : 02890964184**
**nó déan teagmháil le michealoc@hotmail.com má tá aon cheist eile agat.**

A cafe and a restaurant that offers a unique experience that you will not find in any other part of Ireland.
You are guaranteed the full Irish experience from the high-quality food, the language, the culture, and the cosy ambience of our restaurant.
Stay tuned for our new management launch with a variety of offers, evening specials, Sunday roast and events that are underway...

**Come join us!!**
**Reserve a table : 02890964184**
**and for all other enquiries contact:**
**michealoc@hotmail.com**

**Uaireanta oscailte | Opening hours:**

**Luain - Satharn | Monday - Saturday:**
**9:00am - 5:00pm**
**Dé Domhnaigh | Sunday:**
**10:00am - 5:00pm**



# Cumann Óige na bhFál

Beidh Cumann Óige na bhFál ar ais le seisiún do pháistí bunscoile (6-8pm) agus seisiún do dhéagóirí (8-10pm). Ar a bharr sin, cuirimid cúrsaí forbartha pearsanta ar fáil do na déagóirí, iad dírithe ar shláinte, ar mheabhairshláinte, ar shábháilteacht ar líne agus ar thromaíocht agus eile.

Cumann Óige na bhFál is back with a session for primary school children (6-8pm) and a teenagers' session (8- 10pm). As well as this we're running personal development courses for our teenagers focusing on health, mental health, safety online, bullying and more.

**19|09|22 - 12|12|22**
**Páistí Bunscoile | Primary School Children: 6:00pm - 8:00pm**
**Déagóirí | Teenagers: 8:00pm - 10:00pm**




## Aisling Óg

Beidh scoil drámaíochta na Cultúrlainne, 'Aisling Óg', ag cur tús le téarma nua an 17 Meán Fómhair agus tá muid ar bís! Seo deis iontach le cur le muinín agus le scileanna cumarsáide agus aisteoireachta páistí óga ó Rang 1 ar aghaidh chomh maith le bualadh le cairde nua agus spraoi a bheith acu. Déanann muid gach gné de na healaíona a thaiscéaladh - damhsa, ealaín, ceol agus drámaíocht ina measc, le clár spreagúil bríomhar a chomhlíonadh. Bíonn seó againn ag deireadh an téarma lenár gcuid oibre crua a chur ar taispeáint.

Cultúrlann's Drama School, 'Aisling Óg', will start back on the 17th of September and we cannot wait! This is a great opportunity for children from Primary 1 and up to build on their confidence, conversational skills and acting abilities all whilst making new friends and having great fun. We explore every aspect of the arts including dance, art, music and drama to fulfil an exciting and engaging programme. We also produce an end of term performance to show off all our hard work.

**17|09|22 - 26|11|22 | 1:00pm - 3:00pm**
**£30 - Cláraigh | Register:**
**https://culturlann.ticketsolve.com/shows**



# Airneál na nÓg i gcomhar

## le BelfastTrad

Tá Airnéal na nÓg ar ais agus tabharfaidh sé seo deis do dhaoine óga iad féin a thumadh sa cheol. Beidh éagsúlacht ghníomhaíochtaí idir lámha againn le scileanna na ndaoine óga sna healaíona a fhorbairt, lena n-áirítear an fheadóg stáin, scéalaíocht agus amhránaíocht.

Airneál na nÓg returns and will give children and young people the chance to immerse themselves in music. There will be a variety of activities developing young people's skills in the arts and Irish culture, including tin whistle and singing.

**21|09|22 – 23|11|22**

**Ranganna 1 – 3 | 4:00pm - 4:45pm**

**Ranganna 4 – 7 | 5:00pm - 5:45pm**

**£30 - Cláraigh | Register:**

**https://culturlann.ticketsolve.com/ticketbooth/shows/1173631097**



## Na Bopóga

Ná caill Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo, agus a gcairde go léir lena gcuid scéalta, amhrán agus damhsaí a mbainfidh páistí beaga an-spraoi astu agus iad ag cur lena bhforbairt oideachasúil. Beidh réimse scéalaíochta, puipéadóireachta agus gníomhaíochtaí ealaíne ann le suim na bpáistí a choinneáil.
Don't miss Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo and all their friends with their stories, songs and dances that small children will enjoy while enhancing their educational development. There will be plenty of storytelling, puppets and art activities to keep the little ones entertained.

**01|10|22 - 29|10|22**
**05|11|22 - 26|11|22**
**11:00am - 12:00pm**
**£3 an tseachtain | per week**



**Seoladh Leabhair | Book Launch:**

# Muireann agus Longbhriseadh

Agus í amuigh ag iascaireacht lena daid, cluineann Muireann scairt ar chuidiú. Tá bean agus a cuid páistí i seanbhád atá ar tí dul go tóin poill! Nuair a chuidíonn Muireann leo teacht i dtír agus nuair a thugann sí bia agus foscadh dóibh don oíche, faigheann sí amach go bhfuil na strainséirí ar lorg baile nua in áit shábháilte. Tá rún daingean ag Muireann cuidiú leo. Ach an mbeidh cead ag a cara nua Amina agus ag a teaghlach fanacht ar an oileán? Agus an bhfeicfidh athair Amina a bhean agus a pháistí choíche arís?
Scríofa ag Malachy Doyle, maisithe ag Andrew Whitson agus aistrithe go Gaeilge ag Máire Zepf.

Molly and her dad rescue three people in trouble from a small boat off the coast. Though they speak different languages, the new arrivals quickly make friends with the islanders, who offer them somewhere to stay and some clothes and food. Just a few weeks later, a new challenge threatens this relationship, but will Molly and the islanders be able to help their new friends?
Written by Malachy Doyle, illustrated by Andrew Whitson and translated into Irish by Máire Zepf.

**03|09|22 - 1:00pm**
**Cláraigh | Register:**
**https://culturlann.ticketsolve.com/shows**




# Siamsaíocht Oíche Shamhna

## Halloween Fun

Bígí linn le haghaidh shiamsaíocht, scéalaíocht agus spraoi Oíche Shamhna. Beidh cuid mhór imeachtaí ar siúl le linn an lae idir ealaín, mhaisiú, scéalaíocht don teaghlach ar fad agus dioscó trad le comórtas bréigéide!

Join us for Halloween entertainment, storytelling and fun. We will have a range of events throughout the day including art, storytelling for the whole family and trad disco with a fancy dress costume competition too!

**29|10|22**

**Tuilleadh eolais le theacht | Further information to come**




# Ceol & Béile
# Music & Dinner

**Amhráin faoin saol, faoin ghrá agus faoi fhás aníos in Iarthar Bhéal Feirste le Ursula Burns (nó an Cruitire Contúirteach mar is fearr aithne uirthi) & Joby Fox**

**Songs about life, love and growing up in West Belfast with Ursula Burns (aka The Dangerous Harpist) & Joby Fox**

Beidh Ursula Burns agus Joby Fox ag cur seit bríomhar inár láthair lena gcuid amhrán nuachumtha féin. Ceoltóirí cumasacha iad beirt a d'fhás aníos in Iarthar Bhéal Feirste cuireann siad dhá dhearcadh éagsúla chun tosaigh ar an téama céanna. Ursula ar chruit/canadh, Joby ar ghiotár/canadh. Deis iontach an bheirt ealaíontóirí seo a fheiceáil i suíomh a bheidh lom ach teolaí agus pearsanta. Ursula Burns and Joby Fox performing a dynamic in-the-round set with original songs. Both accomplished artists who grew up in West Belfast, they present two different takes on the same theme.

Ursula on harp/vocal, Joby on guitar/vocal. This is a rare opportunity to see these two artists in an informal setting up-close and personal and scaled back to the bare bones.

**Scéal Ursula Burns**: Rugadh Ursula ar Bhóthar na bhFál agus ar a haistear ceoil, scrios sí íomhá stéiréitipiciúil den chruit agus thug

ar turas í tríd an chumadóireacht amhrán, amharclannaíocht, sorcas agus coiméide. Is de dhlúth agus d'inneach a cumadóireachta a fréamhacha agus mar a d'fhás sí aníos in Iarthar Bhéal Feirste. A caidreamh grá seal, gráin seal, lena baile dúchais a thug uirthi éalú le sorcas agus saol fánach a chaitheamh ar an bhealach mhór ag scríobh amhrán agus ag seinm i ngach sórt áite ó chairteacha lucht taistil go bealaí éalaithe dóiteáin a bhí trí thine agus Tardis Imaginariums, Féile Imeallach Dhún Éideann agus Halla Ríoga Albert i Londain.

**About Ursula Burns**: Born on the Falls Road, Ursula's journey through music has been smashing the stereo-typical image of the harp by taking it on a journey through song writing, theatre, circus and comedy. Her roots and life growing up in Belfast are deeply ingrained in her writing. Her troubled relationship with her hometown led her to run away with the circus and embark upon a life on the road writing songs and performing everywhere from gypsy wagons to burning fire escapes and Tardis Imaginariums, Edinburgh Fringe Festival to the Royal Albert Hall.

**Scéal Joby Fox**: Ealaíontóir idirnáisiúnta é Joby Fox a rugadh i mBéal Feirste. Ceoltóir gairmiúil é ó bhí 1980 ann. Thosaigh sé i saol an Phunc leis na Bankrobbers. Cumadóir, scéalaí agus oirfideach cumasach, oilte é Joby. I gcroí a chuid amhrán bríomhar tá ceol tíre agus popcheol comhaimseartha le cois ceol traidisiúnta na hÉireann ach cluinfear liricí crua, cadránta fite fuaite sna foinn áille. Taifeadadh albam úr Joby *I Once Was a Hawk But Now I'm a Dove*, sa Danmhairg agus beidh sé ar fáil faoi Mheán Fómhair 2022.

**About Joby Fox**: Joby Fox is an international artist born in Belfast. He has worked professionally in music since 1980, starting out in Punk with The Bankrobbers. Joby is an accomplished songwriter, storyteller and performer. Contemporary folk and pop, and the traditional sounds of Ireland are at the roots of his vibrant songs, often with hard-hitting lyrics wrapped up in beautiful melodies. Joby's new album which was recorded in Denmark *I Once Was a Hawk But Now I'm a Dove* is out in Sept 2022.

**09|09|22 Doirse | Doors: 6:30pm**
**£30 - Béile dhá chúrsa, tóg deoch leat**
**Two course meal, BYO**
**Ticéid | Tickets: www.jobyfox.com**



# Coirnéal an Cheoil

## The Music Corner

Bígí linn gach aon Satharn sa chaifé, áit a mbeidh scoth an cheoil thraidisiúnta le cluinstean ó shárcheoltóirí agus ó sháramhránaithe.

Join us every Saturday for the best of traditional music with fantastic traditional musicians playing in the cafe.

**Gach Satharn | Every Saturday**
**12:00 - 2:00pm**
**Cultúrlann**




## Oíche Síol

Oíche ar leith shiamsaíochta arna cur i láthair ag Máire Dhubh agus a cairde. Bíonn scoth an cheoil, na cuideachta agus na nduaiseanna deasa ag Oíche Síol. Cuirtear fáilte roimh gach duine amhrán nó scéal a rá, nó cúpla port a bhualadh. Téann gach fáltas ón oíche chuig an iliomad carthanachtaí a dtugann Síol tacaíocht dóibh.

Crannchur ar an oíche do chách a cheannaíonn ticéad.

A special night of entertainment presented by Máire Dhubh and friends. Oíche Síol is always a great night of music, company and nice prizes to win on the night. We welcome anyone who wants to sing a few songs, play a few tunes or tell a story.

All proceeds raised go to the many good causes that Síol supports. Free entry into prize draw with every ticket purchased.

**24|09|22 - 8:00pm**
**Costas | Cost:**
**Saorchead isteach ach fáilte roimh shíntiúis**
**Free but donations welcome**



## An Cosán Draíochta

**Saothar Nua Ceoil i gcuimhne ar Johnny Connolly**

Tá ríméad ar Stiúideo Cuan a fhógairt go mbeidh *An Cosán Draíochta*, saothar úrnua leis an gceoltóir agus cumadóir iomráiteach **Johnny Óg Connolly**, in ómós dá athair, Johnny Pháraic Phíotair, ag dul ar chamchuairt náisiúnta an Fómhar seo.

Johnny Connolly; Johnny na gConnollys; Johnny Phádraic Phíotair; Johnny Phádraig Phíotair Thomáis Mhichil Thaidhg; Johnny Inis Bearachain; Sean-Johnny; Rí an Mhileoidin – is cuma cén t-ainm a luaitear leis, is é an duine céanna a thagann chun cuimhne – fear uasal, ceolmhar, gealgháireach, spraíúil a chuir spiorad agus anam sa cheol a sheinn sé, a lonraigh an seomra lena mheangadh gáire, agus a chuir rithim sheasta ar fáil do dhamhsóirí ar an sean-nós ar fud an domhain.

Le linn na tréimhse dianghlasála, bhronn Stiúideo Cuan coimisiún ar an bhoscadóir clúiteach, Johnny Óg Connolly, chun saothar nua ceoil a chumadh in ómós agus i gcuimhne a Dhaid. Tá ríméad orainn go mbeidh an saothar nua seo á léiriú i gCultúrlann MacAdam Ó Fiaich ar an Domhnach 23 Deireadh Fómhair 2022.



Ceol nua ar fad a bheas anseo, curtha i láthair ag scoth na gceoltóirí, ina measc: **Clíodhna Ní Choisdealbha** (*bainseó*), **Ciara Ní Bhriain** (*fidil*), **Pádraig Ó Dubhghaill** (*giotár*), **Jim Higgins** (*cnaguirlisí & pianó*), **Johnny Óg Connolly** (*bosca*), **Seosamh Ó Neachtain** (*damhsa*) agus an t-amhránaí cumasach **Áine Ní Dhroighneáin**.

Beidh *An Cosán Draíochta* á léiriú ag **Darach Mac Con Iomaire**, stiúrthóir cruthaitheach Stiúideo Cuan, a bhfuil aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta bainte amach aige as ucht caighdeán agus cruthaitheacht a chuid oibre.

Agus muid go léir fágtha d'uireasa an cheoil bheo le fada, is deis iontach é seo don phobal áitiúil agus náisiúnta, spiorad a athmhúscailt, ardú croí a fháil, agus bheith faoi gheasa ag ceol nua an Chosáin Draíochta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste.



Stiúdió Cuan are delighted to announce that *An Cosán Draíochta*, a new body of work created by wellknown musician and composer **Johnny Óg Connolly i**n honour of his father, Johnny Pháraic Phíotair will be going on a national tour this autumn. Johnny Connolly; Johnny na gConnollys; Johnny Phádraic Phíotair; Johnny Phádraig Phíotair Thomáis Mhichil Thaidhg; Johnny Inis Bearachain; Sean-Johnny; Rí an Mhileoidean, no matter which name he is known by, he is one and the same gentle, musical, cheerful and fun man who dedicated his spirit and soul in all the music he played, who lit up the room with his smile and provided a steady beat for sean-nós dancers the world over.

During lockdown, Stiúideo Cuan commisioned the famous melodeon player Johnny Óg Connolly to compose new music in honour and in memory of his father. We are delighted to present this new work in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich on Sunday the 23rd October 2022.



It will encompass completely new music played by the best of musicians including: **Clíodhna Ní Choisdealbha** (*banjo*), **Ciara Ní Bhriain** (*fiddle*), **Pádraig Ó Dubhghaill** (*guitar*), **Jim Higgins** (*drums& piano*), **Johnny Óg Connolly** (*bosca*), **Seosamh Ó Neachtain** (*dance*) and the talented singer **Áine Ní Dhroighneáin.**

*An Cosán Draíochta* will be produced by **Darach Mac Con Iomaire**, Stiúideó Cuan's creative director who has known nationally and internationally for the quality and creativity of his work.

And as we were without live music for a long time, this is a fantastic opportunity for both local and national communities to reawaken the spirit and become enthralled by An Cosáin Draíochta's new music.

**23|10|22**
**8:30pm**
**£15**
**https://culturlann.ticketsolve.com/ticketbooth/shows/1173632574**



# Ceol na mBan

Tá deireadh na míosa buailte linn agus tá muid ar bís go mbeidh seisiúin faoi stiúir na mban againn sa chaifé ar an Aoine dheireanach de gach mí mar aitheantas ar an tábhacht, an tallann agus an ról do-thomhaiste atá ag na mná in earnáil an cheoil thraidisiúnta. Fáilte roimh chách! Buailigí isteach!

The end of the month is upon us and we are delighted that on the last Friday of each month, we'll have an all female led session in recognition of the importance, talent and immeasurable role women have in the traditional music scene. All welcome, be sure to call in!

**30|09|22 – 12:00 – 2:00pm**
**28|10|22 – 12:00 – 2:00pm**
**25|11|22 – 12:00 – 2:00pm**




# Podchraoladh Beo:

## Bláth na dTulach

Bí linn sa Chultúrlann d'eagrán beo den phodchraoladh 'Bláth na dTulach' a bheas taifeadta os comhair lucht éisteachta beo. Léifidh aoi speisialta scéal ón leabhar 'Bláth na dTulach' agus beidh comhrá ann le Réaltán Ní Leannáin ina dhiaidh.

Join is in the Cultúrlann for a live editon of the Bláth na dTulach podcast which will be recorded in front of a live audience. A special guest will read a story from the book Bláth na dTulach and have a coversation with Réaltán Ní Leannáin afterwards.

**10|09|22**
**1:30pm**

éabhlóid



# Comórtas Filíochta 2022

Agus muid ag tógáil ar ár gcéad chomórtas filíochta in 2020, beidh muid ag cur fáilte roimh iontrálacha ar an tríú comórtas roimh dheireadh na bliana. Coinnigh súil ar ár suíomh agus ar na meáin shóisialta fá choinne tuilleadh eolais.

Continuing to build on our successful inaugural poetry competition in 2020, we look forward to launching our third competition before the end of the year. Keep an eye on our website and social media for more details.

LEABHAR BREAC

## Féile Litríochta Leabhar Breac

Is í aidhm na féile ceiliúradh a dhéanamh ar scríbhneoirí agus ar an scríbhneoireacht i gcomhluadar léitheoirí den uile aois. I sraith comhráite poiblí agus léamha, tabharfar scríbhneoirí le chéile le plé a dhéanamh ar an litríocht, ar an léitheoireacht agus ar a saothar féin. Beidh fáilte roimh chách.

The aim of this festival is it celebrate both writers and writing in the company of readers of all ages. In a series of public talks and readings, writers are brought together to discuss literature, reading and their own personal works. Everyone is welcome

16|09|22 – 17|09|22



# ‘Údair agus Aistritheoirí

## Authors and Translators’

Sa seisiún seo, faoi chathaoirleacht Alan Titley, pléifidh Antain Mac Lochlainn, Labhrás Ó Finneadha agus Colmán Ó Raghallaigh ceisteanna a bhaineann leis an aistriúchán liteartha agus leis an scríbhneoireacht.
With Alan Titley chairing, Antain Mac Lochlainn, Labhrás Ó Finneadha and Colmán Ó Raghallaigh will discuss all things concerning the translating of literature and writing.

**16|09|22**
**7:30pm**

# Filíocht agus Féile

## Poetry and Festival :

Seisiún ealaíne agus siamsa
Art session and entertainment

**16|07|22**

**8:30pm**

# Cúinne na bPáistí

## Children’s Corner:

Bí linn do sheisiún léitheoireachta do pháistí is do theaghlaigh le Jaqueline de Brún.
Join us for reading session for children and families with Jaqueline de Brún.

**17|09|22**
**11:00am**











## Peann agus Pár 1

Faoi chathaoirleacht Phroinsias Mhic a' Bhaird, pléifidh Eilís Ní Anluain, Colm Ó Ceallacháin agus Alan Titley cúrsaí litríochta agus léitheoireachta.

With Proinsias Mac a' Bhaird chairing, Eilís Ní Anluain, Colm Ó Ceallacháin and Alan Titley will discuss all things concerning literature and reading.

**17|09|22**
**11:30am**

## Peann agus Pár 2

Faoi chathaoirleacht Antain Mhic Lochlainn, pléifidh Liam Mac Cóil, Diarmuid Johnson agus Proinsias Mac a Bhaird cúrsaí litríochta agus scéalaíochta.

With Antain Mhic Lochlainn chairing, Liam Mac Cóil, Diarmuid Johnson agus Proinsias Mac a Bhaird will discuss all things concerning literature and storytelling.

**17|09|22**
**2:00pm**

LEABHAR BREAC



# BIAF: 5 rue des Irlandais

## 5 rue des Irlandais – Poetry Jukebox

Flúirse de dhánta i nGaeilge, i bhFraincis & i mBéarla ag déanamh ceiliúradh ar 'chathair an tsolais'. Bain do sháith de phléisiúir as bheith ag éisteacht le flúirse shaibhir teanga. Tugann an tsuiteáil sráide bhríomhar fuaime seo léargas fhilí na hÉireann ar Pháras, cathair an tsolais. Un flâneur in iarthar Bhéal Feirste? Stop tamall sa Chultúrlann agus muid ag cruthú spiorad Pháras le do chuid smaointe agus samhlaíochta a sciobadh chuig ceiliúradh ar an saol laethúil agus ar shaol na fantaisíochta.

I measc na bhflí a bheidh linn, beidh Dermot Bolger, Iggy McGovern, Gerard Smyth, Catherine Phil MacCarthy, Afric McGlinchey, Mary Noonan, Caitriona O'Reilly, Ailbhe Ní Ghearbuigh, Doireann Ní Ghríofa, Paddy Bushe, Mary Dorcey, Hugh O'Donnell, Michael Coady, Gerry Murphy, Derry O'Sullivan, Aifric Mac Aodha, Theo Dorgan, Pat Boran, Edward Denniston, agus Matthew Sweeney.




A cornucopia of poems in Irish, French & English celebrating the 'city of light'. Feast your ears on a cornucopia of language. This dynamic on-street audio installation brings top Irish poets' reflections on Paris, the city of light. Un flâneur in west Belfast? Stop a while at Cultúrlann while we bring the essence of Paris to transport your thoughts and imagination in a celebration of the everyday and the fantastic.

Poets include Dermot Bolger, Iggy McGovern, Gerard Smyth, Catherine Phil MacCarthy, Afric McGlinchey, Mary Noonan, Caitriona O'Reilly, Ailbhe Ní Ghearbuigh, Doireann Ní Ghríofa, Paddy Bushe, Mary Dorcey, Hugh O'Donnell, Michael Coady, Gerry Murphy, Derry O'Sullivan, Aifric Mac Aodha, Theo Dorgan, Pat Boran, Edward Denniston, and Matthew Sweeney.

**05|10|22 – 06|11|22**

## Imeacht Seolta Launch Event

The anthology 5 rue des Irlandais will be on sale, and there will be readings, light refreshments and music. Bígí linn! Bienvenue!

**08|10|22**
**1pm**

Quotidian WORD On The Street







BELFAST INTERNATIONAL ARTS FESTIVAL
Celebrating 60 years

## BIAF: Diaspóra na hÉireann

### - Sean Connolly agus Turtle Bunbury i gcomhrá le Susan McKay

## The Irish Diaspora

### - Sean Connolly and Turtle Bunbury in conversation with Susan McKay

Is ollamh emeritus le stair na hÉireann é Sean atá ag obair mar chomhalta taighde ar cuairt in Institiúid an Léinn Éireannaigh in Ollscoil na Banríona. Athbhreithniú fairsing ar dhiaspóra na hÉireann atá sa leabhar is deireanaí uaidh, *On Every Tide: The Making and the Remaking of the Irish World*, a dhéanann scrúdú ar na tionchair a chuir iallach ar na milliúin Éireannach, idir fhir agus mhná, a dtír dhúchais a thréigean, agus ar an saol a d'fhorbair siad dóibh féin ina mbaile nua, sios go dtí an fichiú haois nuair a d'iompaigh Éire féin ina tír a ghlac le himircigh seachas iad a onnmhairiú.



Sean is professor emeritus of Irish History and visiting research fellow at the Institute of Irish Studies at Queen's University. His latest book, *On Every Tide: The Making and the Remaking of the Irish World*, is a wide-ranging reassessment of the Irish diaspora which examines the forces that compelled millions of Irish men and women to abandon their homeland, the lives they built in their new homes, through to the twentieth century, when Ireland itself has become a receiver rather than an exporter of emigrants.

**05|11|22**
**2pm**

# Ní bheidh sé mar a bhí

## le Sinéad O'Neill-Nicholl




Suiteán éisteachta é seo d'agallaimh thaifeadta athchruthaithe le cuid de dhaoine muinteartha na ndaoine a fuair bás i dTeach Tábhairne McGurk in 1971. Tairgeann an suiteán spás poiblí dóibh siúd a chaill gaolta lena gcuimhní cinn pearsanta a roinnt faoin bhrón agus faoin chumha agus le cuimhneamh ar na himeachtaí ina gcuid focal féin taobh amuigh de spotsolas na polaitíochta agus na meán.

I gcaitheamh 2021, cuimhneachán caoga bliain bhuamáil Theach Tábhairne McGurk, thaifead Sinéad O'Neill-Nicholl comhráite le daoine muinteartha na ndaoine a fuair bás sa bhuamáil. Le teicnící iarléiriúcháin agus bogearraí eagarthóireacht fuaime, amharcann an t-ealaíontóir go grinn ar na struchtúir chumhachta a chruthaítear trí theanga i gcomhthéacs na fírinne, an eolais agus an cheartais agus suim bhreise aici sna modhanna a úsáidtear le guth 'an duine eile' a chur ina thost.

'Ní bheidh sé mar a bhí' consists of an audio installation of reconstructed recorded interviews with some of the relatives of those killed in the McGurk's Bar bombing of 1971. The installation offers a public space for those who lost their relatives to share their personal memories of grief and loss and to recall the events in their own words outside of the political and media spotlight.

Over the course of 2021, the fiftieth anniversary year of the McGurk's Bar bombing, Sinéad O'Neill-Nicholl recorded conversations with the relatives of those who were killed in the bombing. Through post-production techniques and audio editing software the artist examines the power structures created through language in the context of truth, knowledge and justice and is further interested in the methods used to silence the voice of the 'other'.

**18|08|22 - 06|10|22**
**Ballaí Bána**




## Róisín Ní Neachtain

Is é seo an chéad taispeántas aonair de chuid Róisín Ní Neachtain, ealaíontóir agus file. In "*Your Words Disturbed My Earth*" (ó dhán Eavan Boland "For a Poet who Died Young" – The Historians, le caoinchead Carcanet Press) tá pictiúir instinniúla, eispriseanaíocha arb é saol liteartha na hÉireann a spreag agus iad taobh le tírdhreacha teibí a léiríonn nasc le timpeallacht atá ag athrú go mear. Is anseo a chumascann an t-ealaíontóir an paisean atá aici do chaomhnú éiceachóras na hÉireann agus a mian athcheangal le hoidhreacht shaibhir chultúrtha na hÉireann.

Presenting the first solo exhibition of the artist and poet Róisín Ní Neachtain. "*Your Words Disturbed My Earth*" (from Eavan Boland's poem "For a Poet who Died Young" – The Historians, courtesy of Carcanet Press) features visceral, expressionist paintings inspired by the Irish literary world alongside abstract landscapes representing connection in a rapidly changing environment. Here the artist merges her passion for the preservation of Ireland's ecosystem with her desire to reconnect to Ireland's rich cultural legacy.

**18|08|22 - 06|10|22**
**Ballaí Bána**



# Coláiste Feirste


## Art Exhibition

Is mór an onóir dúinn gach bliain cuireadh a thabhairt d'ealaíontóirí óga díograiseacha Choláiste Feirste a gcuid ealaíne a chur ar taispeáint i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich. Tugann an taispeántas seo spléachadh dúinn ar shaol na n-óg sa cheantar agus ar na hábhair is mó atá mar inspioráid ag na hógánaigh seo. Is ócáid bhliantúil anois é an taispeántas seo a thugann ardán don tallann iontach atá i ranganna ealaíne Choláiste Feirste. Beidh píosaí ealaíne ó scoláirí A-Leibhéil agus TGM ar taispeáint sa Dánlann agus ardchaighdeán oibre le feiceáil i meáin éagsúla. Is mó an lúcháir atá orainn i mbliana, go háirithe, ceiliúradh a dhéanamh ar chumas ealaíne ar leith an phobail áitiúil agus muid ag comóradh 30 bliain den Chultúrlann, áit ar bunaíodh Meánscoil Feirste.

It is a privilege for us every year to invite young, dedicated artists from Coláiste Feirste to showcase their artwork in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. This exhibition gives us an insight into the young people in our community and the subjects that inspire them to create their art. This exhibition is now a yearly event which showcases the immense talent coming out of the Coláiste Feirste art room. The pieces will include work by A-Level and GCSE students across a range of mediums. We are especially delighted to celebrate the fantastic artistic ability in our community this year as we mark thirty years since Cultúrlann first opened as the initial home of Meánscoil Feirste.

**13|10|22 – 24|11|22**
**Dánlann Dillon**


# "Brexit Sausage" Shiro MASUYAMA




Tar éis Brexit, comhaontaíodh, faoi Phrótacal Thuaisceart Éireann, go leanfadh Tuaisceart Éireann rialacha an AE maidir le caighdeáin táirgí le seiceálacha feadh na teorann a chosc. Ina áit sin, dhéanfaí seiceálacha ar earraí a thiocfadh isteach i dTuaisceart Éireann ón Bhreatain Mhór ag calafoirt Thuaisceart Éireann. Spreag sé seo an gearán go bhfuil teorainn nua cruthaithe i Muir Éireann. Faoi rialacha sábháilteachta bia an AE, ní cheadaítear ispíní a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ón Bhreatain Mhór níos mó. Tá an t-ealaíontóir Seapánach, Shiro Masuyama, atá lonnaithe i mBéal Feirste, tar éis idirghníomhaíocht shóisialta nua a dhearadh ag baint úsáide as ispíní le haird a dhíriú ar Theorainn seo Mhuir Éireann a cruthaíodh tar éis Brexit.

Rugadh Shiro Masuyama dTóiceo. Tar éis tréimhsí cónaitheachta idirnáisiúnta in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann agus Stiúideonna Flax Art, bhog Masuyama go Béal Feirste, áit a bhfuil sé lonnaithe ó shin i leith. Mar ealaíontóir Seapánach atá tar éis cur faoi i mBéal Feirste, tá sé san áit ar leith sin ina dtig leis a cheistiú an dóigh ar féidir leis na fórsaí polaitiúla ceannasacha atá thart orainn tionchar a imirt ar an fhéiniúlacht.

After Brexit, under the Northern Ireland Protocol it was agreed that Northern Ireland would continue to follow EU rules on product standards to prevent checks along the border. Instead, inspections on goods entering Northern Ireland from Great Britain would take place at Northern Irish




ports. This has prompted criticism that a new border has been created in the Irish Sea. Under EU food safety rules, sausages are no longer allowed to enter Northern Ireland from Great Britain. Belfast-based, Japanese artist Shiro Masuyama has realized a new social intervention using sausages to highlight this Irish Sea Border which was created after Brexit.

Shiro Masuyama was born in Tokyo. Following international residencies in the Irish Museum of Modern Art and Flax Art Studios, Masuyama moved to Belfast, where he's been based ever since. As a Japanese artist who has settled in Belfast, he's in a unique position to question how identity can be influenced by the dominant political forces surrounding us.

**01|12|22 – 26|01|23**
**Dánlann Dillon**

# Estranged

## le Lorraine Cleary

Eascraíonn na téamaí a scrúdaítear i saothar Cleary as cultúr frithbhanda atá fite fuaite i sochaí na hÉireann le blianta fada anuas.

Is éard atá in *Estranged* ná suiteán mór suíomhoiriúnaithe déanta as réada tí díthógtha, atá péinteáilte bándearg agus carntha ar bharr a chéile i sraitheanna plúchtacha. Is freagairt é an saothar seo ar sháinniú ban sa teach.

An cnuasach sraitheach seo d'earraí tí atá leacaithe agus athchóirithe, tá sé crochta ar bhallaí na dánlainne mar chineál bacainne a fheidhmíonn mar léiriú follasach ar an bhacainn dhofheicthe sin a fhulaingíonn daoine a ndéantar mí-úsáid orthu. Tarlaíonn mí-úsáid teaghlaigh i suíomh fisiciúil agus imríonn sé tionchar mór ar an tsícé. Is freagairt fhollasach í *Estranged* air seo. Éiríonn an corp agus an aigne coimhthithe - freagairt anaithnid ar an mhí-úsáid. Is ann do dhá spás ag an am chéanna - spás taobh istigh de spás; is ionann sin agus an dánlann féin agus an Spás *Estranged* feadh a himill.



*Estranged* by Lorraine Cleary

Themes explored in Cleary's work arise from a misogynistic culture that has been ingrained in Irish society for decades.

*Estranged* is large site-specific installation made from deconstructed domestic objects that are painted pink and are then stacked vertically in suffocating layers. The concept behind the work arises as a reaction to female entrapment in the home.



This layered assemblage of flattened and repurposed domestic fixtures lines the gallery walls acting as a type of obstacle that serves as a tangible representation of that invisible barrier experienced by those within the realm of abuse. Domestic abuse occurs within a physical arena with far reaching implications within the psychological.

*Estranged* is a tangible response to this. Body & mind become estranged, a disembodied reaction to abuse. Two spaces exist simultaneously, a space within a space; that of the gallery itself and the *Estranged* Space that lines its perimeter.

**01|12|22 – 26|01|23**
**Ballaí Bána**
**https://lorraineclearystudio.com**



# Arán agus Im
## le Manchán Magan

Is léiriú amharclannaíochta é *Arán & Im* ina mbácálann Manchán Magan arán taos géar ar feadh 70 bomaite agus é ag soláthar léargais ar an draíocht a bhaineann leis an Ghaeilge, ag fiosrú focail chumhachtacha tírdhreacha, téarmaí an iomais agus na tuisceana agus an iliomad frásaí a chuireann beocht i nglór mistéireach ár ndomhain nádúrtha.

Tá an seó ina cheiliúradh ar theanga, ar thalamh agus ar bhia Gaelach áitiúil, le harán taos géar úrbhácáilte a thig leis an lucht féachana a ghearradh agus a leathadh le him a mhaistrigh siad iad féin as uachtar de chuid na hÉireann. (Níl eolas ar an Ghaeilge riachtanach.)

Chuaigh Amharclann na Mainistreach ar camchuairt náisiúnta le *Arán & Im* in 2018. I bhfómhar na bliana 2019, bhí sé ar camchuairt go forleathan arís. In earrach na bliana seo, chuaigh an seó ar camchuairt arís eile agus chonacthas é i 16 chathair, 13 stát agus dhá chúige i SAM agus Ceanada. Beidh sé ag dul ar camchuairt eile timpeall chósta thiar Mheiriceá Thuaidh in 2023.

Scríofa agus léirithe ag Manchán Magan. Seit le Tom de Paor. Léirithe den chéad uair ag Amharclann na Mainistreach. Cuidiú léirithe ó Once Off Productions.



*Arán & Im* is a theatrical performance in which Manchán Magan bakes sourdough bread for 70 minutes while offering insights into the wonders of the Irish language – exploring potent words of landscape, terms of intuition and insight, and the many phrases that bring to life the mysterious glory of our natural world.
The show is a celebration of language, land and local Irish food, with freshly-baked traditional sourdough bread for the audience to slice and spread with butter they churn themselves from Irish cream. (Knowledge of Irish is not required.)
*Arán & Im* had a nationwide tour with the Abbey Theatre in 2018. In Autumn 2019 it toured widely again. In Spring 2022 it toured 16 cities, 13 states and 2 provinces in USA and Canada. It will tour the west coast of North American in 2023.

Written & presented by Manchán Magan. Set by Tom de Paor. Originally produced by the Abbey Theatre. Production assistance from Once Off Productions

**09|09|22**
**1:00pm | 7:30pm**
**£10 | £12**
**https://culturlann.ticketsolve.com/ticketbooth/shows/1173624885**




BELFAST INTERNATIONAL ARTS FESTIVAL
Celebrating 60 years

# Minimal Human Contact

## le Naoise Ó Cairealláin

Glór úr as Gaeltacht uirbeach Iarthar Bhéal Feirste. Déanann an seó aonair seo mionscagadh ar an chearrbhachas neamhshrianta, agus is í an chatairse atá mar thoradh air. Glór Gaeilge cróga é seo, nach gceileann an fhírinne. Naoise Ó Cairealláin, an rápálaí Móglaí Bap as **KNEECAP**, a scríobh.

A new voice from the urban Gaeltacht of west Belfast. This one-man show delves deep into the world of compulsive gambling, to produce cathartic results. A new play, gritty and intense, *Minimal Human Contact* is written by Naoise Ó Cairealláin, award-winning rapper Móglaí Bap from **KNEECAP**.

**26|09|22 – 01|10|22**
**8:00pm**
**£17 / £15 concession**
**https://culturlann.ticketsolve.com/ticketbooth/shows/1173631586**

Aisling Ghéar
COMPÁNTAS AMHARCLAINNE



# Ranganna Gaeilge

Is ionann tús bliain nua acadúil agus tús ranganna Gaeilge na Cultúrlainne. Tá cúrsa 10 seachtaine ar fáil ina gcuimsítear Bunrang, Meánrang agus Rang Comhrá atá dírithe ar leibhéal Ardranga. Le clárú nó le tuilleadh eolais a lorg, déan teagmháil le **sinead@culturlann.ie**

Cultúrlann's Irish classes return with the beginning of the new academic year. We offer a 10 week course which covers Beginner, Intermediate and a conversation class aimed at Advanced level. You can register or get additional information by contacting **sinead@culturlann.ie**

**14|09|22 - 30|11|22**
**7.00pm**
**10 seachtaine | 10 weeks**
**Costas: £30**
**Cláraigh | Register: https://ticketsolve.com**



# Ranganna Amhránaíochta

## Sean-nós Singing Classes

Tá ranganna ceoil na Cultúrlainne faoi lán seoil arís. Ceoltar amhráin Ghaeilge (ar an sean-nós) arna gcóiriú ag Doimnic Mac Giolla Bhríde, an ceoltóir iomráiteach a bhfuil Corn Uí Riada bainte aige. Beidh na ranganna saor in aisce agus mairfidh an cúrsa 6 seachtaine. Le clárú nó le tuilleadh eolais a lorg, déan teagmháil le **sinead@culturlann.ie**

The Cultúrlann singing classes are back! This class focuses primarily on the rich tradition of Sean-nós singing in Irish, prepared and delivered by the award winning singer, Doimnic Mac Giolla Bhríde. There are no fees for these classes, which will run for 6 weeks. You can register or get more info by contacting **sinead@culturlann.ie**

**15|09|22 - 01|12|22**
**6.00pm**
**6 seachtaine / 6 weeks**



# Ióga le Dunla

## Yoga with Dunla

Breathnaítear sa rang seo ar réimsí éagsúla de struchtúr, feasacht, análú agus gluaiseacht. Tá an rang dátheangach seo breá fóirsteanach do lucht bunleibhéil agus meánleibhéil araon.

This bilingual class explores different variations of structure, awareness, breathing and movement. Perfect for beginners and intermediate level.

**Ag tosú | Beginning 20|09|22 – 29|11|22**
**7.00pm**
**Rang seachtainiúil | Weekly class**
**Cláraigh | Register: sinead@culturlann.ie**



# Ciorcal Léitheoireachta

## Reading Circle

An maith leat a bheith ag léamh? Ar mhaith leat bualadh le daoine agus dreas comhrá a dhéanamh ar leabhair? Más é sin an cás, tar chuig céad teacht le chéile na bliana den Chiorcal Léitheoireachta. Tagann an Ciorcal Léitheoireachta le chéile uair sa mhí. Fáilte roimh achan duine.

Do you like to read? Would you like to meet other people and chat about books? If so, come to the first get-together of the year. The reading circle come together once a month. Fáilte roimh achan duine. All welcome.

**Déan teagmháil**
**le Sinéad le clárú agus le tuilleadh eolais a fháil.**




# 30 Samhain - 04 Nollaig

# 30 Nov - 04 Dec

Bí linn do cheiliúradh Nollag na Ceathrún Gaeltachta le meascán iontach de cheol, d'ealaín, de phlé, agus de cheardaíocht do pháistí. Eagraítear Fleadh Feirste i gcomhar le heagraíochtaí eile fud fad na Ceathrún Gaeltachta agus tá tuilleadh eolais le teacht. Coinnigh súil amach!

Join us for the Gaeltacht Quarter's festive celebration with a fantastic mix of music, art, discussion and children's crafts. Fleadh Feirste is organised in partnership with organisations throughout the Gaeltacht Quarter and more information is to come. Keep an eye out!

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

# LUAITHRÍONA



Athinsint ar sheanscéal

30|11|22 - 03|12|22

FLEADH FEIRSTE

CISTE OIDHREACHTA HERITAGE FUND
Foras na Gaeilge
Arts Council of Northern Ireland
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
Airts Cooncil o Norlin Airlann
An Roinn Pobal
Comhairle Chathair Bhéal Feirste
Aisling Ghéar